Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11406/22**

**COPS 362**
**CFSP/PESC 993**
**CYBER 270**
**RELEX 1025**
**HYBRID 79**
**CONUN 167**
**COHOM 81**
**DISINFO 64**
**CSDP/PSDC 480**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11259/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Dhigiteach an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Taidhleoireacht Dhigiteach an Aontais a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Iúil 2022.

## Taidhleoireacht Dhigiteach an Aontais:

## Conclúidí ón gComhairle, an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, an 18 Iúil 2022

1. Mar gheall ar theicneolaíochtaí digiteacha, tá deiseanna agus rioscaí nua ann do shaoránaigh an Aontais agus do dhaoine ar fud an domhain. Tá siad anois ina bpríomhpharaiméadair iomaíocha freisin ar féidir leo cothromaíocht gheopholaitiúil na cumhachta a aistriú.

2. Tar éis na gconclúidí ón gComhairle i mí na Samhna 2020 agus an chéad phlé shubstaintiúil maidir le geopholaitíocht na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa Chomhairle Gnóthaí Eachtracha i mí Iúil 2021, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, a áirithiú go mbeidh an Taidhleoireacht Dhigiteach ina dlúthchuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear trí na próisis iltaobhacha, réigiúnacha agus il-gheallsealbhóirí atá ann cheana a neartú, agus an dul chun cinn a rinneadh le Taidhleoireacht Ghlas agus Cibear-Thaidhleoireacht an Aontais a mheaitseáil. Cuirfidh an cur chuige sin ar chumas an Aontais a ról iomlán a imirt san aistriú glas domhanda agus san aistriú digiteach domhanda.

3. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór do bheartais sheachtracha an Aontais maidir le bagairtí digiteacha, cibearbhagairtí agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, a bheith go hiomlán comhleanúnach agus ag treisiú a chéile. Chun comhdhlúthú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo maidir le hiarrachtaí uaillmhianacha an Aontais a cheannasacht theicneolaíoch agus dhigiteach a neartú, i gcomhréir le Dearbhú Versailles agus leis na conclúidí ábhartha ón gComhairle Eorpach agus ón gComhairle, is gá tuilleadh céimeanna cinntitheacha a dhéanamh i dtreo Taidhleoireacht Dhigiteach atá níos infheicthe, níos comhordaithe agus ar mó an tionchar atá aici, agus leas á bhaint as uirlisí ábhartha uile an Aontais.

4. Déanfar taidhleoireacht dhigiteach an Aontais i ndlúthchomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis, agus beidh sí bunaithe ar chearta uilíocha an duine, saoirsí bunúsacha, an smacht reachta agus prionsabail dhaonlathacha.

5. Ní bheidh rath ar ár ngeilleagair dhigiteacha ná ar ár sochaithe digiteacha ach amháin má tá muinín againn as sábháilteacht na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus as slándáil agus sláine ár sonraí. Tá an Chomhairle tiomanta a rannpháirtíocht idirnáisiúnta a neartú a thuilleadh maidir leis an gcibearshlándáil, go háirithe sna Náisiúin Aontaithe, san Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus i bhfóraim iltaobhacha agus réigiúnacha ábhartha eile, agus trí úsáid a bhaint as Bosca Uirlisí na Cibearthaidhleoireachta.

6. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gurb é is cuspóir do Thaidhleoireacht Dhigiteach an Aontais an méid seo a leanas a dhéanamh:
   - Ról domhanda an Aontais i ngnóthaí digiteacha a neartú, ar bhonn comhthosaíochtaí geopholaitiúla, agus aird ar leith á tabhairt ar thíortha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo nó tíortha a bhfuil ardleibhéal leochaileachta acu.
   - Cearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha, an smacht reachta agus prionsabail dhaonlathacha a chur chun cinn go gníomhach sa spás digiteach agus cur chuige duinelárnach agus bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn i leith teicneolaíochtaí digiteacha i bhfóraim iltaobhacha ábhartha agus ar ardáin eile.
   - Idirlíon oscailte, saor, domhanda, cobhsaí agus slán a chur chun cinn bunaithe ar shamhail il-gheallsealbhóra rialachas an idirlín.
   - Tionchar a imirt ar mhúnlú caighdeán teicneolaíochta idirnáisiúnta eiticiúil, slán agus cuimsitheach bunaithe ar chearta an duine agus ar shaoirsí bunúsacha, *inter alia* trí fhor-rochtain neartaithe arna comhordú idir an tArdionadaí, an Coimisiún agus na Ballstáit, go háirithe d'fhonn caibidlíocht a dhéanamh ar an leibhéal domhanda i gcomhlachtaí amhail an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU), an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO), an Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC), agus Institiúid na nInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonaice (IEEE).

- Rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe agus le Comhshocrú Digiteach Domhanda na Náisiún Aontaithe a fhorbairt.
- I gcomhréir le straitéis na Tairsí Domhanda, bonneagair dhigiteacha athléimneacha iontaofa a chur chun cinn agus tacú leo, sochaithe digiteacha daonlathacha a fheabhsú lasmuigh de theorainneacha an Aontais, bonneagar poiblí digiteach agus earraí poiblí digiteacha, agus coimíneachtaí digiteacha.
- Tacú go réamhghníomhach le rialachas teicneolaíochta atá fabhrach don nuálaíocht agus bunaithe ar chearta an duine agus cur chuige an Aontais i leith an aistrithe dhigitigh atá duinelárnach agus bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn.
- Beartais agus rialacháin dhigiteacha inmheánacha an Aontais a chur chun cinn go gníomhach, agus an fhís a leagtar amach in *2030 Digital Compass: the European Way for the Digital Decade* [Compás Digiteach 2030: an modh Eorpach don Deacáid Dhigiteach] á chur san áireamh, a luaithe a ghlacfar é, agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairt an bheartais dhigitigh ar fud an domhain, agus, ag an am céanna, cur le ceapadh beartais inmheánaigh an Aontais.
- Rannchuidiú le cur chun feidhme comhleanúnach a threisíonn a chéile maidir leis na codanna ábhartha de bheartas slándála agus cosanta an Aontais, lena n-áirítear maidir le cibearghnéithe agus gnéithe hibrideacha, mar a leagtar amach go háirithe sa Chompás Straitéiseach, i Straitéis Chibearshlándála an Aontais, sna Conclúidí ón gComhairle maidir le cibirsheasamh[1] agus feachtais hibrideacha[2] a glacadh le déanaí, chomh maith leis na pacáistí cosanta agus spáis, i gcomhréir leis na Conclúidí ábhartha ón gComhairle.
- Rannchuidiú le slándáil an Aontais a chosaint freisin i gcomhthéacs bagairtí hibrideacha, cibirionsaithe agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac, lena n-áirítear cur isteach státurraithe, chomh maith le foréigean agus fuathchaint a chomhrac, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do ghlaonna Pháras agus Christchurch.

---

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir le cibirsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt, an 23 Bealtaine 2022.
[2] Conclúidí ón gComhairle maidir le Creat le haghaidh freagairt chomhordaithe ón Aontas ar fheachtais hibrideacha, an 21 Meitheamh 2022.

- Malartú le geallsealbhóirí ón lucht gnó, ón saol acadúil agus ón tsochaí shibhialta de réir mar is iomchuí, san Aontas agus níos faide i gcéin araon, chun deiseanna a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith ag teacht le spriocanna polaitiúla, eacnamaíocha agus geostraitéiseacha an Aontais i dtríú tíortha, agus ag an am céanna tuiscint a fháil ar na túsphointí éagsúla maidir le digiteáil agus úsáid teicneolaíochtaí ar fud an domhain.
- Saorshreabhadh slán sonraí a chur chun cinn le hiontaoibh, agus eisceachtaí le haghaidh cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí á gcur san áireamh, *inter alia*, agus lánurraim á tabhairt do chosaint sonraí agus do phríobháideachas, tacú le raon domhanda gnólachtaí Eorpacha agus samplaí Eorpacha de chur chuige eiticiúil maidir le húsáid sonraí a chur chun cinn, ós rud é gurb í an úsáid fhreagrach a bhaineann gnólachtaí agus rialtais as sonraí mar bhonn chun éiceachórais dhigiteacha iontaofa fhreagracha a fhorbairt.
- Rannchuidiú leis an aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe, trí réitigh dhigiteacha nuálacha Eorpacha a chur chun cinn ar féidir leo cabhrú le geilleagar atá aeráidneodrach a bhaint amach.
- Rannchuidiú le neartú chumas an Aontais, na mBallstát agus na gcomhpháirtithe rioscaí, leochaileachtaí agus spleáchais chriticiúla i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus i dteicneolaíochtaí bunúsacha a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu agus athléimneacht an Aontais a fheabhsú trí athléimneacht ár gcomhpháirtithe a neartú.
- Feabhas a chur ar chumas an Aontais faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht rialála digití dhomhanda, ar shreafaí sonraí idirnáisiúnta agus ar phríobháideachas sonraí shaoránaigh an Aontais, ar phatrúin na trádála digití, ar chomhpháirtíochtaí idir tríú tíortha agus ar a n-éifeachtaí ar an gcreat iomaíochta sa mhargadh domhanda le haghaidh teicneolaíochtaí agus seirbhísí digiteacha.

7. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit le chéile comhlántacht agus comhleanúnachas a áirithiú idir tionscnaimh inmheánacha agus sheachtracha beartais dhigitigh an Aontais agus na mBallstát agus gníomhaíocht éifeachtach. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún súil a choinneáil ar na mórfhorbairtí idirnáisiúnta leanúnacha agus ionchasacha a bhaineann le Taidhleoireacht Dhigiteach an Aontais agus leis an gCibearthaidhleoireacht, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar ról tábhachtach na mBallstát, lena n-áirítear trí chomhlachtaí ábhartha de chuid na Comhairle agus trí na Líonraí Taidhleoireachta Digití agus Cibear-Ambasadóirí, maidir lena gcur chun feidhme a threorú agus faireachán a dhéanamh air.

8. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, le rannpháirtíocht iomlán na mBallstát, cineálacha cur chuige saincheaptha a fhorbairt chun comhghuaillíochtaí a thógáil agus comhar a neartú i gcóras na Náisiún Aontaithe, in G7, in OSCE, in ECFE, in EDT, in ECAT, i gComhairle na hEorpa agus i bhfóraim iltaobhacha eile agus in éineacht leo, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear eagraíochtaí il-gheallsealbhóirí agus go háirithe i gcomhlachtaí um chaighdeánú, ina bhfuil tionchar ag caighdeáin Eorpacha atá comhleanúnach agus comhchuibhithe.

9. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle dá haire an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le comhordú an Aontais maidir le toghcháin agus ceapacháin do phoist sna Náisiúin Aontaithe agus i gcomhlachtaí iltaobhacha ábhartha eile, agus inniúlachtaí náisiúnta na mBallstát á n-urramú ag an am céanna, agus tacaíonn sí le hiarrachtaí an Aontais a chuid aidhmeanna a chur chun cinn, in éineacht le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis.

10. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún leanúint de chearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus leanúint den ailíniú a shaothrú le comhpháirtithe i gcóras na Náisiún Aontaithe, le rannpháirtíocht iomlán na mBallstát, agus go háirithe sa Chomhairle um Chearta an Duine, sa tríú coiste de chuid Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, sa phróiseas thart timpeall ar an tuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe dar teideal 'Ár gComhchlár Oibre, chomh maith le Treochlár an Ardrúnaí don Chomhar Digiteach, inar cheart don Aontas rannchuidiú go suntasach le Comhshocrú Digiteach Domhanda a ullmhú agus oibriú le Toscaire Teicneolaíochta na Náisiún Aontaithe.

11. Cuireann an Chomhairle in iúl go dtacaíonn sí le comhpháirtíochtaí uaillmhianacha maidir le saincheisteanna digiteacha seachtracha, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tionscnaimh dhéthaobhacha, réigiúnacha, il-gheallsealbhóirí agus iltaobhacha an Aontais sa réimse digiteach, go háirithe Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM, an Chomhpháirtíocht Dhigiteach leis an tSeapáin, Comhpháirtíochtaí Digiteacha le Poblacht na Cóiré agus Singeapór amach anseo, Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-na hIndia, an Clár Oibre Digiteach do na Balcáin Thiar, Tionscnamh EU4Digital de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir, an tiomantas comhpháirteach don chlaochlú digiteach i bhFís Chomhpháirteach AE-na hAfraice do 2030, an Chomhpháirtíocht Straitéiseach leis an Murascaill agus an Clár Oibre Nua don Mheánmhuir, an Dearbhú Comhpháirteach ón Aontas agus ó thíortha Ind-Chiúin-Aigéanacha maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí digiteacha, chomh maith le Comhghuaillíocht Dhigiteach AE-LAC atá le teacht agus na forálacha maidir le trádáil dhigiteach i gcomhaontuithe trádála an Aontais atá ann cheana. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí comhordú éifeachtach a áirithiú leis na Ballstáit chun leas iomlán a bhaint as na fóraim agus as na hionstraimí sin.

12. Molann an Chomhairle don Choimisiún agus don Ardionadaí tionscnaimh bhreise a fhiosrú chun infheictheacht an Aontais a mhéadú ar fud an domhain trí fhoghlaim ó dhea-chleachtais na mBallstát.

13. Tacaíonn an Chomhairle le bunú pacáistí don gheilleagar digiteach lena gcomhcheanglaítear infheistíochtaí sa bhonneagar digiteach, fothú acmhainneachta agus cur chun cinn straitéiseach réiteach teicneolaíochta agus cóineasú rialála agus caighdeán, agus lena n-urramaítear luachanna daonlathacha agus cearta an duine, mar chuid de chur chun feidhme na straitéise maidir leis an Tairseach Dhomhanda freisin. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí rannchuidiú leis na pacáistí sin i gcur chuige Fhoireann na hEorpa, agus cur leis an gcur chuige sin, de réir mar is iomchuí, trí idirphlé le tríú tíortha, leis an tsochaí shibhialta, le cuideachtaí teicneolaíochta agus le gníomhaithe ábhartha eile.

14. Iarrann an Chomhairle go leanfaí den idirphlé agus den chomhar leis an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear ardáin ar líne, agus leis an tsochaí shibhialta chun réitigh a fhorbairt go comhpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar mhí-úsáid na dteicneolaíochtaí agus na n-ardán digiteach.

15. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún leas a bhaint as painéal domhanda teicneolaíochta chun ionchur il-gheallsealbhóirí a lorg chun taidhleoireacht dhigiteach an Aontais a fhorbairt.

16. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún uirlisí digiteála nua nuálacha arna bhforbairt ag an Aontas Eorpach a chur chun cinn, amhail teicneolaíochtaí, caighdeáin nó tacair sonraí a forbraíodh i gcláir an Aontais, lena n-áirítear na sonraí maidir le cumhdach domhanda arna soláthar ag Clár Spáis an Aontais.

17. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún cur leis an gcomhdhearcadh le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun an daonlathas, cearta uilíocha an duine agus an t-ord riailbhunaithe a chosaint agus a chur chun cinn ar bhealach níos fearr i ndomhan atá ag éirí níos digiteáilte, i gcomhréir leis an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha don Deacáid Dhigiteach, a luaithe a ghlacfar iad. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin Dearbhú Thaillinn maidir le ríomhsheirbhísí rialtais, Dearbhú Bheirlín maidir leis an tSochaí Dhigiteach agus Rialtas Digiteach Luachbhunaithe agus Dearbhú Liospóin maidir leis an Daonlathas Digiteach a bhfuil cuspóir leis. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na dearbhuithe sin a thacaíonn le chéile a chur chun cinn go hidirnáisiúnta agus iad a chomhtháthú ar bhealach níos daingne i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, agus an Dearbhú maidir le Todhchaí an Idirlín á chur san áireamh freisin.

18. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé na cearta céanna a bhfuil feidhm acu as líne a chur i bhfeidhm ar líne. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn maidir le saolré iomlán na dteicneolaíochtaí digiteacha – lena n-áirítear dearadh, forbairt, imscaradh agus úsáid – mar chuid d’insint chomhleanúnach ar fhís duinelárnach an Aontais maidir leis an gclaochlú digiteach, lena gcuirfear le hinfheictheacht an Aontais mar ghníomhaí ríthábhachtach sa réimse sin, lena n-áirítear i bpróisis idirnáisiúnta maidir le caighdeáin a leagan síos.

19. I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le cearta an duine agus an daonlathas, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, agus an smacht reachta sa réimse digiteach ar fud an domhain, go háirithe tríd an litearthacht dhigiteach a chothú agus tríd an deighilt dhigiteach idir na hinscní a dhúnadh. Chuige sin, ní mór ionstraimí agus cistiú ábhartha a ghealladh chun múchadh ar an idirlíon, faireachas digiteach treallach nó neamh-idirdhealaitheach agus coinneáil sonraí a chomhrac in éineacht le beartas comhbheartaithe chun cearta an duine a chur chun cinn ar líne e.g. trí idirphlé maidir le cearta an duine, chun cosantóirí chearta an duine agus an tsochaí shibhialta a chosaint ar líne agus chun an spás sibhialta a leathnú. Ba cheart taidhleoireacht phoiblí a úsáid chun infheictheacht a thabhairt don tionchar agus do na tairbhí a bhaineann le húsáid fhreagrach na dteicneolaíochtaí nua don daonlathas agus do chearta an duine agus don ról atá acu sáruithe ar chearta an duine a dhoiciméadú.

20. Molann an Chomhairle na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun digiteáil agus comhroinnt sonraí a chur chun cinn i bhfabhar na hinbhuanaitheachta agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe, agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí comhroinnt sonraí digiteacha caighdeánaithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht cuideachtaí agus táirgí a chur chun cinn.

21. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis imní di an méadú atá ag teacht ar raon feidhme agus sofaisticiúlacht na bréagaisnéise agus na hionramhála agus an chur isteach eachtraigh ar fhaisnéis sa spás digiteach, rud a d’fhéadfadh muinín an phobail i bpróisis dhaonlathacha agus in institiúidí daonlathacha a lagú, an bonn a bhaint de thionscnaimh phoiblí, steiréitíopaí a threisiú, agus idirdhealú, seineafóibe, éadulaingt agus foréigean a ghríosú. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis agus ar ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus idirlíon oscailte, saor, domhanda, cobhsaí agus slán á áirithiú agus cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta á n-urramú go hiomlán ag an am céanna.

22. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí le Líonra Taidhleoireachta Digití an Aontais, mar a leagtar amach sna Conclúidí ón gComhairle a glacadh an 17 Samhain 2020. Iarrann an Chomhairle go neartófaí an líonra mar ardán le haghaidh comhordú, plé agus malartú faisnéise agus dea-chleachtas i measc Bhallstáit an Aontais maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Taidhleoireacht Dhigiteach chomh maith lena chomhordú le Líonra Cibear-Ambasadóirí an Aontais a neartú a thuilleadh.

23. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, le dlúth-rannpháirtíocht na mBallstát, leanúint de bheith ag obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta faoi chuimsiú dhearbhú na bprionsabal ó na Náisiúin Aontaithe maidir le breathnóireacht idirnáisiúnta toghchán chun treoirlínte a fhorbairt a thuilleadh do mhisin breathnóireachta toghchán chun anailís a dhéanamh ar na meáin shóisialta agus ar an díospóireacht ar líne le linn feachtais toghcháin. Iarrann an Chomhairle go leanfaí de mhodheolaíocht a imscaradh chun breathnóireacht a dhéanamh ar fheachtais toghcháin ar líne mar chuid chórasach de mhisin breathnóireachta toghcháin uile an Aontais. Ba cheart iarrachtaí tacaíochta toghcháin an Aontais a threorú freisin le haird ar theicneolaíochtaí digiteacha nua .

24. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuiltear chun oifig de chuid an Aontais a bhunú in San Francisco go luath chun an rannpháirtíocht thrasatlantach maidir leis an gclár oibre digiteach a neartú, spriocanna gaolmhara Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-SAM a chomhlíonadh, teagmhálacha a fhorbairt leis na húdaráis agus leis na geallsealbhóirí ar an láthair d'fhonn rannchuidiú le claochlú digiteach rathúil, inbhuanaithe agus duinelárnach chun cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a áirithiú i gcomhréir le luachanna comhroinnte an Aontais agus na Stát Aontaithe agus le córais dhaonlathacha.

25. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún úsáid iomlán, chórasach agus chomhordaithe a bhaint as líonra Thoscaireachtaí an Aontais agus ionadaíochtaí na mBallstát chun oibriú le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus leis an bpobal il-gheallsealbhóra, agus seasaimh an Aontais a chur in iúl agus an tuairisciú ar shaincheisteanna beartais teicneolaíochta a neartú, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar an méadú atá ag teacht ar an idirnascacht idir gnéithe eacnamaíocha de theicneolaíochtaí nua, ar na spleáchais teicneolaíochta chriticiúla a bhaineann leo agus ar a n-éifeachtaí ar cheannasacht dhigiteach na hEorpa, ar an tslándáil inmheánach agus ar bheartais eachtracha, slándála, trádála, forbartha agus chosanta.

26. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, moil réigiúnacha na taidhleoireachta digití a neartú i bpríomhthoscaireachtaí an Aontais, a bheidh go hiomlán comhleanúnach agus a threisíonn a chéile le Líonra Cibearthaidhleoireachta an Aontais mar a bheartaítear sna Conclúidí ón gComhairle maidir le cibirsheasamh an Aontais Eorpaigh a fhorbairt.

27. I bhfianaise an ghá atá le comhleanúnachas a áirithiú sna sruthanna oibre digiteacha uile agus sna sruthanna uile cibearoibre laistigh den Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cumas an Aontais a fhorbairt a thuilleadh chun anailís a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le beartais teicneolaíochta agus dhigiteacha.

28. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí oiliúint taidhleoireachta digití a fhorbairt do thaidhleoirí an Aontais agus na mBallstát chun scileanna a fheabhsú agus comhthuiscint ar an teicneolaíocht sa gheopholaitíocht a bhunú, agus a áirithiú go mbeidh an taidhleoireacht Eorpach oiriúnach don ré dhigiteach.

29. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún dlúth-rannpháirtíocht na mBallstát sa taidhleoireacht dhigiteach a áirithiú agus leanúint de thuairisciú a dhéanamh go rialta don Chomhairle maidir lena cur chun feidhme, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar thionchar na dteicneolaíochtaí digiteacha go hidirnáisiúnta ar an daonlathas, ar chearta uilíocha an duine agus ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe.

30. Fillfidh an Chomhairle ar an tsaincheist sin faoi shamhradh 2023 agus déanfaidh sí an dul chun cinn a mheas ar bhonn rialta.